Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Treoirnóta d'Údaráis Áitiúla maidir le Rialáil Ligin Ghearrthéarmaigh.

## Iúil 2019

# Clár Ábhar


1. Cúlra .... 4

2. Aidhm na Treorach .... 5

3. Athchóirithe ar Ligean Gearrthéarmach – Reachtaíocht Phríomha agus Thánaisteach.. 5

4. Criosanna Brú Cíosa .... 7

4.1 Limistéar atá Ainmnithe Mar Chriosanna Brú Cíosa Faoi Láthair .... 8

5. Forfheidhmiú .... 9

5.1 Conas a chuidíonn an reachtaíocht ligin ghearrthéarmaigh le Forfheidhmiú .... 10

5.2 Bearta Forfheidhmithe .... 11

5.3 Conas is féidir leis an bpobal cuidiú le Forfheidhmiú .... 12

5.4 Treoir céim ar chéim maidir le Forfheidhmiú .... 12

5.5 Pionóis i leith neamh-chomhlíonadh na gceanglas reachtúil .... 13

6. Samplaí de Ligean Gearrthéarmach (LGT) .... 14

6.1 Ligean gearrthéarmach nach dteastaíonn cead pleanála uaidh, faoi réir na gceanglas fógartha/clárúcháin .... 14

6.2 Ligean gearrthéarmach a dteastaíonn cead pleanála uaidh .... 15

7. Treoir maidir le breithiúnas a thabhairt ar iarratais phleanála .... 15

8. Treoir maidir le nithe eile .... 17

8.1 Iarratas ar chead pleanála nó ar chead coinneála .... 17

8.2 Táillí .... 17

8.3 Achomhairc .... 17

8.4 Cén uasteorainn atá i bhfeidhm in 2019? .... 17

8.5 Foirmeacha .... 17

9. Clár Fógraí .... 18

10. Tuilleadh Eolais .... 18

Aguisín 1 – Grafaic Faisnéise maidir le Ligean Gearrthéarmach .... 19

Aguisín 2 – Uimhreacha Teagmhála Údarás Áitiúil .... 21

Aguisín 3 - Foirmeacha .... 24

Foirm Uimh. 15 .... 24

Foirm Uimh. 16 .... 26
Foirm Uimh. 17 .... 27

## 1. Cúlra

Mar chuid de na bearta chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú i margadh cíosa na tithíochta príobháidí, tá feidhm ón 1 Iúil 2019 ag athchóirithe reachtacha maidir le pleanáil chun an earnáil ligin ghearrthéarmaigh a rialáil - mar a fhoráiltear san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019[1] agus i rialacháin fhorlíontacha déanta ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, dar teideal Rialacháin an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe)(Uimh. 2) 2019[2]. Eisíodh Ciorclán PL 4//2019[3] chuig na hÚdaráis Phleanála ar fad an 4 Meitheamh 2019, ag cur in iúl go bhfuil an reachtaíocht nua á tabhairt isteach maidir le rialáil ligin ghearrthéarmaigh.

Aithníodh treocht láidir sa Straitéis don Earnáil Cíosa[4], a foilsíodh i Mí na Nollag, 2016, agus líon mór tithe á mbaint den mhargadh cíosa fhadtéarmaigh agus á n-úsáid ansin le haghaidh ligean gearrthéarmach bainteach le turasóireacht, go háirithe sna lárionaid uirbeacha mhóra. Aithníodh chomh maith an tionchar diúltach a bhí ag an teocht seo ar sholáthar agus infhaighteacht cóiríochta cíosa fhadtéarmaigh san earnáil cíosa phríobháideach, agus cíosanna ag dul in airde mar thoradh freisin.

De thoradh ar Ghníomh 18 den Straitéis don Earnáil Cíosa, bunaíodh Grúpa Oibre, agus ionadaíocht ann ó na páirtithe poiblí leasmhara móra ar fad a mbeadh spéis acu ó thaobh beartais de i ligean gearrthéarmach. Ba é ról an ghrúpa ná bearta a bhreithniú dírithe ar éascú a dhéanamh ar ligean gearrthéarmach cóiríochta laistigh d'áiteanna buanchónaithe (áit chónaithe a roinnt), agus an stoc cónaithe fadtéarmach reatha a chaomhnú i limistéir ardéilimh ag an am céanna. Rinneadh an méid sin ar mhaithe le soiléiriú a thabhairt maidir leis an gcur chuige cuí – ó thaobh na pleanála de – chun ligean gearrthéarmach bainteach le turasóireacht a rialáil agus aitheantas a thabhairt ag an am céanna do ról tábhachtach na ligean gearrthéarmach seo i soláthar cóiríochta do thurasóirí.

Tar éis tuarascáil an Ghrúpa Oibre a bhreithniú, mar aon leis na moltaí i dtuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil maidir le ligean gearrthéarmach, d'fhógair an tAire pleananna i mí Dheireadh Fómhair 2018 chun ligean gearrthéarmach a rialáil.

I bhfianaise an méid sin, is é príomhchuspóir na n-athchóirithe nua ná tithe agus árasáin sna limistéir atá ainmnithe mar "chriosanna brú cíosa" faoi alt 24A den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, arna leasú, atá á n-úsáid faoi láthair le haghaidh ligean gearrthéarmach, a

[1] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/act/14/enacted/en/pdf
[2] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/235/made/en/pdf
[3] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/pl_04-2019_short-term_letting_regulations.pdf
[4] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/strategy_for_the_rental_sector_mar2017_web_0.pdf

thabhairt ar ais chuig an margadh cíosa fhadtéarmaigh traidisiúnta. Ar an gcaoi sin, laghdófaí an brú a bhaineann leis an easpa cóiríochta atá le sonrú faoi láthair. Tá na hathchóirithe seo ar cheann de roinnt beart atá á dtabhairt isteach ag an Roinn faoi chlár Atógáil Éireann agus tugann siad aghaidh go sonrach ar ghníomh 4.31 Atógáil Éireann, is é sin "soiléiriú a thabhairt maidir leis an gcur chuige rialála cuí – ó thaobh na pleanála de – i leith ligean gearrthéarmach bainteach le turasóireacht".

## 2. Aidhm na Treorach

Tá an Treoir á heisiúint chuig údaráis áitiúla chun cuidiú leo i gcur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na rialachán nua maidir le ligean gearrthéarmach. Táthar ag súil chomh maith go mbeidh an Treoir ina cuidiú praiticiúil do dhaoine den phobal agus iad ag iarraidh na riachtanais nua a thuiscint.

## 3. Athchóirithe ar Ligean Gearrthéarmach – Reachtaíocht Phríomha agus Thánaisteach

Cuireann Alt 38 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019 alt nua 3A isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú,[5] chun a fhoráil gur athrú ábhartha ar úsáid maoine a bheadh i ligean gearrthéarmach tí (lena n-áirítear árasáin faoi shainmhíniú an Achta Pleanála) i gcrios brú cíosa, sa chaoi is go dteastódh cead pleanála, ach amháin sa chás go bhfaightear díolúine ar leith ón riachtanas seo.

Foráiltear leis an Acht freisin gur féidir leis an Aire rialacháin a dhéanamh maidir leis na socruithe mionsonraithe atá le cur i bhfeidhm maidir le ligean gearrthéarmach, chomh maith leis na díolúintí pleanála ar féidir leas a bhaint astu ina thaobh seo. Tugtar sainmhínithe ar na téarmaí "crios brú cíosa" agus "ligean gearrthéarmach" in Alt 38 den Acht chomh maith.

Le Rialacháin nua fhorlíontacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe)(Uimh. 2) 2019[6], leasaítear na Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001, arna leasú[7],agus feidhm leis na rialacháin nua ón 1 Iúil 2019. Seo a leanas achoimre ghairid ar na príomhcheanglais a eascraíonn as na forálacha comhcheangailte san Acht agus sna Rialacháin a bhfuil feidhm acu, d'fhonn amhras a sheachaint, maidir le criosanna brú cíosa amháin:

---

[5] https://www.housing.gov.ie/planning/bord-pleanala/planning-Legislation
[6] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/235/made/en/pdf
[7] https://www.housing.gov.ie/planning/bord-pleanala/planning-Legislation

- Is é an sainmhíniú atá ar ligean gearrthéarmach ná ligean tí nó árasáin, nó cuid de theach nó árasán, ar feadh tréimhse nach faide ná 14 lá.
- Beidh cead ag cónaitheoirí, iad atá ag roinnt tí nó árasáin san áireamh, a bpríomháit chónaithe phríobháideach ar fad a ligean ar bhonn gearrthéarmach ar feadh tréimhse charnach a mhaireann suas le 90 lá in aghaidh na bliana féilire, sa chás go bhfuiltear as láthair go sealadach óna n-áit chónaithe
- Má théitear thar an teorainn 90 lá, beidh gá le cead pleanála um athrú úsáide.
- Sa chás nach "príomháit chónaithe phríobháideach" an teach nó árasán (i.e. nuair nach gnách don úinéir a bheith ina c(h)ónaí ann nó a bheith á ligean le haghaidh cóiríocht chónaithe fhadtéarmach), níl feidhm ag an díolúine 90 lá agus beidh gá le cead pleanála um athrú úsáide d'aon ligean gearrthéarmach.
- Beidh cead fós áit chónaithe a roinnt (seomra nó seomraí a ligean i bpríomháit chónaithe phríobháideach) ar bhonn neamhtheoranta agus díolúine ann ó na riachtanais maidir le hiarratas a dhéanamh ar chead pleanála.

Más mian le duine a p(h)ríomháit chónaithe phríobháideach a ligean ar cíos i gcrios brú cíosa agus leas a bhaint as na díolúintí pleanála nua, caithfidh sé nó sí clárú leis an údarás pleanála áitiúil agus oibleagáidí tuairiscithe sonraithe a chomhlíonadh. Chun na críche sin, foráiltear d'fhoirmeacha sonracha (dar teideal Foirmeacha 15-17) sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin.[8]

Mar sin féin, agus seo an príomhathrú dá bhforáiltear sna forálacha nua, sa chás go bhfuil áit chónaithe ag duine i gcrios brú cíosa **nach** í a bpríomháit chónaithe phríobháideach í agus go bhfuil sé i gceist ag an duine sin í a ligean ar cíos chun críocha ligin ghearrthéarmaigh, beidh air nó uirthi cur isteach ar chead pleanála um athrú úsáide ach amháin má tá cead pleanála sonrach ag an maoin sin cheana féin a cheadaíonn úsáid chun críocha turasóireachta nó ligin ghearrthéarmaigh. Faoin údarás pleanála áitiúil a bheidh sé cinneadh a dhéanamh i dtaobh iarratais phleanála den chineál sin. Tugtar treoir i mír 7 maidir le breithiúnas a thabhairt ar iarratais phleanála.

Sa chás go bhfaightear cead pleanála chun na críche seo, ní bheidh aon ghá fógra a thabhairt don údarás áitiúil maidir le húsáidí ligin ghearrthéarmaigh as sin amach, toisc nach mbeifear ag brath ar na díolúintí pleanála. Ní ceart tosú ar an maoin a úsáid le haghaidh ligean gearrthéarmach go dtí go bhfaightear an cead pleanála sin.

[8] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/235/made/en/pdf


## 4. Criosanna Brú Cíosa

Mar atá tugtha le fios, ní bhaineann na socruithe reachtacha nua ach le ligean gearrthéarmach i gcriosanna brú cíosa, arna ainmniú faoi alt 24A den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, arna leasú – is iad sin na limistéir ina bhfuil an t-éileamh is mó ar thithíocht agus ina bhfuil an brú cíosa is suntasaí – agus ní bheidh aon tionchar ag na socruithe sin ar ligean gearrthéarmach taobh amuigh de na criosanna brú cíosa, áiteanna nach bhfuil an brú nó an t-éileamh céanna ar thithíocht iontu.

Cuireadh síneadh le hainmniú criosanna brú cíosa ó dheireadh 2019 go deireadh 2021 san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019. Mar thoradh, beidh feidhm ag na forálacha nua maidir le ligean gearrthéarmach chomh fada agus atá criosanna brú cíosa ainmnithe amhlaidh. Sa chás go bhfuil fadhbanna soláthair cíosa fós ann in 2021 agus go ndéantar ainmniú na gcriosanna brú cíosa a shíneadh tuilleadh, beidh feidhm fós ag na forálacha nua maidir le ligean gearrthéarmach.

I bpríomháit chónaithe phríobháideach laistigh de chrios brú cíosa, ceadaítear díolúine ón riachtanas cead pleanála a fháil le gur féidir le duine áit chónaithe a roinnt gan teorainn (seomra nó seomraí a ligean a fhad is atá an t-úinéir nó tionónta ina gcónaí ann) agus ligean gearrthéarmach teoranta a dhéanamh (áit chónaithe iomlán a ligean ar feadh tréimhse suas go 90 lá in aghaidh na bliana féilire le linn don duine a bheith as láthair go sealadach). Más mian le cónaitheoir nó duine atá ag roinnt áit chónaithe an áit chónaithe ar fad a ligean ar feadh tréimhse níos faide ná 90 lá i mbliain féilire, beidh gá ansin le cead pleanála.

**4.1 Limistéir atá Ainmnithe mar Chriosanna Brú Cíosa faoi láthair**




Is féidir teacht ar na criosanna brú cíosa ainmnithe reatha ar shuíomh na Roinne.

Tabhair faoi deara go bhfuil an liosta seo faoi réir athbhreithnithe thréimhsiúil agus go bhféadfaí é a athrú. Luafar chomh maith ar shuíomh na Roinne aon chrios brú cíosa eile a ainmnítear amach anseo agus beidh siad faoi réir na bhforálacha maidir le ligean gearrthéarmach a leagtar amach sa Treoir seo.

## 5. Forfheidhmiú

Tugadh isteach na socruithe nua seo i dtaobh ligean gearrthéarmach faoin gcód pleanála agus is iad aonaid forfheidhmiúcháin na n-údarás áitiúil atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na riachtanais nua agus iad a chur i bhfeidhm ina gcuid limistéar feidhme.

Le go mbainfear amach éifeacht inmhianaithe agus cuspóir na bhforálacha nua – maoin a thabhairt ar ais chuig an margadh ligin fhadtéarmaigh, ag féachaint don easpa cóiríochta san earnáil seo faoi láthair – is gá go gcuirfidh na húdaráis phleanála chuí (i.e. sna limistéir ina bhfuil Criosanna Brú Cíosa) na forálacha nua i ngníomh agus i bhfeidhm go gníomhach, ag baint leas as na cumhachtaí atá acu chun ligean gearrthéarmach neamhúdaraithe a imscrúdú. Ba chóir go mbeadh acmhainní tiomnaithe ar fáil ag údaráis phleanála dírithe ar fhorfheidhmiú ligin ghearrthéarmaigh, agus maoiniú á chur ar fáil ag an Roinn ina leith. Ina thaobh sin, meabhraítear d'údaráis phleanála a gcuid oibleagáidí reachtúla agus na cumhachtaí leathana forfheidhmithe atá ar fáil dóibh faoi Chuid VIII den Acht um Pleanáil agus Forbairt, go háirithe alt 156 (Pionóis i leith Cionta), alt 157 (Cionta a Ionchúiseamh), alt 158 (Cionta ag comhlachtaí corpraithe), alt 159 (Fíneálacha a íoc le húdaráis phleanála) etc., agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige gníomhach a ghlacadh i leith forfheidhmithe.

Mar a leagadh amach i gCiorclán PL 4/ 2019, ós rud é gur cuireadh maoiniú tiomnaithe ar fáil do na húdaráis phleanála chun tacú le forfheidhmiú agus cur i ngníomh na bhforálacha seo, táthar ag súil go mbeidh torthaí dearfacha le sonrú maidir le líon na maoine atá ar fáil le haghaidh ligean fadtéarmach a mhéadú sna limistéir lena mbaineann. I dtaca leis sin, ceanglófar ar údaráis phleanála tuarascáil tosaigh ar dhul chun cinn a chur isteach 6 mhí tar éis thosach na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin, chomh maith le tuarascálacha breise ag eatraimh iomchuí ina dhiaidh sin.




**<u>5.1 Conas a chuidíonn an reachtaíocht ligin ghearrthéarmaigh le Forfheidhmiú</u>**

- Cuidíonn na forálacha reachtacha tríd an gcreat reachtach a neartú i dtaobh ligean gearrthéarmach agus trí shoiléiriú a thabhairt chomh maith ar na riachtanais phleanála don chineál seo úsáide.

- Beidh an reachtaíocht féin ina cuidiú agus í ag feidhmiú mar dhíspreagadh dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar ghníomhaíocht ligin ghearrthéarmaigh i gcriosanna brú cíosa.

- Beidh na forálacha sin a éilíonn clárú agus réamhfhógra i leith na gníomhaíochta beartaithe ina chuidiú chomh maith do na húdaráis áitiúla lena mbaineann, agus iad i mbun monatóireachta agus forfheidhmithe i ndáil le gníomhaíocht ligin ghearrthéarmaigh ina gcuid limistéar.

- Sárú ar an gcód pleanála a bheadh ann gan clárú agus fógra a thabhairt don údarás áitiúil, de réir mar is gá, agus an toradh a bheadh ar shárú den chineál sin ná forfheidhmiú pleanála faoi chuid VIII de na hAchta Pleanála.

- Ceanglaítear leis an reachtaíocht go ndéanfadh daoine dearbhú reachtúil sa chás go bhfuiltear ag roinnt áit chónaithe nó i mbun ligean gearrthéarmach <u>ina bpríomháit chónaithe phríobháideach</u>, ag dearbhú gur fíor agus gur cruinn an fhaisnéis tuairiscithe agus fógartha atá á cur isteach chuig a n-údarás pleanála acu. I ndáil leis sin, i gcás daoine a bhfuil maoin á ligean ar cíos go gearrthéarmach acu nach í a

bpríomháit chónaithe phríobháideach í, níor cheart do na daoine sin dearbhú bréagach a dhéanamh ar mhaithe le leas a bhaint as díolúintí pleanála i dtaobh 'áit chónaithe thánaisteach' nó maoin a ligtear ar bhonn tráchtála. Beidh feidhm ag an dearbhú reachtúil maidir leis na dátaí agus líon comhiomlán na laethanta a leagtar amach sna fógraí a chuirtear isteach chuig an údarás pleanála, líon nach mó na 90 lá in aghaidh na bliana féilire. Má dhéanann duine dearbhú bréagach chun críocha na n-oibleagáidí tuairiscithe a bhaineann leis na rialacháin ligin ghearrthéarmaigh, bheadh sé sin ina chion agus é in-ionchúisithe faoin Acht i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, chomh maith le bheith ina chion faoin Acht Pleanála agus faoi na Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001, arna leasú.

- Déantar foráil sa reachtaíocht chomh maith maidir le cumhacht a thabhairt d'údaráis phleanála aon fhaisnéis eile a iarraidh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu le réasún chun a chinntiú gur fíor agus gur cruinn an fhaisnéis a thugtar i bhfoirmeacha tuairiscithe sonracha na rialachán. Cuireann an fhoráil seo ar chumas na n-údarás pleanála chun a cheangal fianaise dhoiciméadach bhreise a chur isteach, a mheasann siad is gá, ar nós billí etc. - a léireodh gur príomháit chónaithe phríobháideach an iarratasóra í an mhaoin.

- Tá sé tábhachtach chomh maith a thabhairt faoi deara nach leagtar leis na Rialacháin seo aon cheanglais tuairiscithe ar dhaoine atá ag ligean ar cíos seomra(í) i dteach nó árasán ar bhonn gearrthéarmach, nach é a bpríomháit chónaithe phríobháideach é, ar an mbunús nach bhfuil na daoine sin i dteideal leas a bhaint as na díolúintí pleanála dá bhforáiltear sna rialacháin seo agus gur gá dóibh cur isteach ar chead pleanála.

## 5.2 Bearta Forfheidhmithe

Is féidir le húdaráis phleanála leas a bhaint as réimse leathan beart chun cur i gcoinne gníomhaíocht ligin ghearrthéarmaigh neamhúdaraithe, lena n-áirítear na bearta seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil ar ardáin ábhartha ar líne,
- gearáin a fhaightear ó dhaoine den phobal a fhiosrú,
- díriú ar fhorfheidhmiú i limistéir ar leith,
- iniúchadh fisiceach ar mhaoine,
- faisnéis ó raon leathan foinsí sonraí a thiomsú agus a chros-seiceáil
- seiceáil an bhfuil ceadanna ábhartha ag maoine cheana féin etc.

## 5.3 Conas is féidir leis an bpobal cuidiú le Forfheidhmiú

Is é is dóiche gur daoine den phobal agus cónaitheoirí áitiúla is mó a bheadh thíos le ligean gearrthéarmach neamhúdaraithe ina gcomharsanachtaí féin. Chomh maith leis sin, is mó seans go mbeidís ar an eolas faoi mhaoin áitiúil a bheith in úsáid le haghaidh ligean gearrthéarmach.

Ba chóir go gcuirfeadh údaráis phleanála ar chumas daoine den phobal sáruithe féideartha ar na forálacha maidir le ligean gearrthéarmach a thuairisciú. Mar shampla, ba chóir d'údaráis áitiúla i gcriosanna brú cíosa eolas a thaispeáint ar a suíomhanna gréasáin maidir leis na socruithe nua pleanála i dtaobh ligean gearrthéarmach, chomh maith le treoracha soiléire a thabhairt a chuirfeadh ar chumas daoine den phobal gearán a dhéanamh maidir le sárú féideartha ar na rialacháin.

Sa chás go gcreideann duine go ndearnadh gníomhaíocht neamhúdaraithe, go bhfuil sí á déanamh nó go bhféadfaidh sé go ndéanfar í, is féidir leis an duine sin gearán a dhéanamh, i scríbhinn, lena n-údarás pleanála áitiúil (sonraí teagmhála do na húdaráis phleanála ar fad ar fáil in Aguisín 2 leis an treoir seo).

Ba chóir gearáin i dtaobh forfheidmiú pleanála a dhéanamh i scríbhinn, leis an údarás pleanála áitiúil. Ba chóir do ghearáin a bheith chomh sonrach agus is féidir, go hidéalach ag leagan amach:

- cineál agus méid na forbartha/an ligin ghearrthéarmaigh neamhúdaraithe liomhnaithe
- suíomh agus seoladh iomlán na forbartha neamhúdaraithe liomhnaithe
- amlíne (i.e. cé chomh fada is atá an fhorbairt ar bun nó cén uair ar tharla an sárú líomhnaithe)
- iarmhairtí na forbartha (ort féin, ar an timpeallacht, ar an gceantar máguaird etc.)
- sáruithe eile a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú – i.e. sáruithe ar cheanglais dlí eile

Faoi na hAchtanna Pleanála, tá oibleagáid ar údaráis phleanála gearáin shubstainteacha i scríbhinn maidir le sáruithe ar an gcód pleanála a fhiosrú agus a imscrúdú, ach amháin má mheastar gur gearán fánach nó cráiteach é.

**5.4 Treoir céim ar chéim maidir le Forfheidhmiú**

- Ba cheart go dtabharfadh Údaráis Phleanála tús áite d'imscrúdú maoine ar léir iad a bheith in úsáid go príomha chun críocha ligean gearrthéarmach.

- Ba chóir leas a bhaint as gnáthfhorálacha forfheidhmithe Chuid VIII den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) chun aon sárú ar rialú pleanála a chur i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann siad le cóiríocht ligin ghearrthéarmaigh.

- Sa chás go dtiocfaidh sé ar aird an údaráis phleanála go bhfuil nó go bhféadfadh úsáid neamhúdaraithe a bheith ar bun chun críocha ligin ghearrthéarmaigh, de shárú ar na díolúintí nua i Rialacháin an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe)(Uimh. 2) 2019, ba chóir litir rabhaidh a eisiúint do "Úinéir(í)/Áititheoir(í)" na maoine sin, leis an bpost cláraithe agus leis an ngnáthphost, agus cur síos sa litir sin ar an líomhain e.g.

    - "Líomhnaítear go bhfuil an mhaoin ag (cuir isteach an seoladh) á húsáid chun críocha ligin ghearrthéarmaigh, de shárú ar na díolúintí san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)('Acht 2000') agus sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001, arna leasú".

- I ndiaidh an litir a chur amach, ba chóir ansin iniúchadh a dhéanamh ar an láithreán chun a fháil amach an bhfuil cás substainteach ann. Ba chóir faisnéis a lorg chomh maith ar ardáin ar líne, féachaint an bhfuil an mhaoin ábhartha ar fáil le cur in áirithe chun críocha ligin ghearrthéarmaigh agus má tá, an raon dátaí a luaitear leis. D'fhéadfadh gur mhaith leis an údarás pleanála athbhreithniú a dhéanamh ar fhoinsí eile sonraí freisin, d'fhéadfaí seiceáil mar shampla an bhfuil an mhaoin cláraithe mar mhaoin chíosa leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. De réir mar is cuí, is féidir iarratais a dhéanamh chomh maith faoi alt 8 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ag iarraidh ar áititheoir na maoine tuilleadh eolais a chur ar fáil.

- Tar éis an imscrúdú tosaigh a chríochnú, ba chóir cinneadh a dhéanamh faoi Fhógra Forfheidhmithe a eisiúint faoi alt 154 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, lena gceanglófar go scoirfear den úsáid neamhúdaraithe lena mbaineann. Má mheastar gur sárú sách tromchúiseach atá i gceist, is féidir imeachtaí urghaire faoi alt 160 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, a chur san áireamh.

  Mura gclóitear leis an bhFógra Forfheidhmithe nó leis an rabhadh i dtaobh imeachtaí urghaire, ba chóir imeachtaí dlíthiúla cuí a thionscnamh faoi alt 157/160 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

## 5.5 Pionóis i leith neamh-chomhlíonadh na gceanglas reachtúil

- Tabhaíonn sáruithe tromchúiseacha ar an gcód pleanála fíneálacha suntasacha (€10 milliún) nó príosúnacht (2bl.), nó iad araon.
- I gcoitinne, an pionós uasta i leith cionta faoi na hAchta Pleanála (agus feidhm leo i gcás neamhchomhlíonadh na socruithe ligin ghearrthéarmaigh) nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna ná €5000 nó 6 mhí príosúnachta, nó iad araon.

- Sa chás go leanann an duine den chion tar éis a chiontaithe, beidh an duine sin ciontach i gcion breise gach lá a leanfar den chion agus fineáil uasta €1500 ag gabháil leis seo

## 6. Samplaí de Ligean Gearrthéarmach

**6.1 Ligean gearrthéarmach nach dteastaíonn cead pleanála uaidh, faoi réir na gceanglas fógartha/clárúcháin.**

Ligeann an tUasal A 2 sheomra leapa ar cíos ina phríomháit chónaithe phríobháideach gach deireadh seachtaine sa bhliain. Toisc gur níos lú ná 4 sheomra atá á ligean ag an Uasal A agus go bhfanann sé sa mhaoin le linn don 2 sheomra leapa a bheith ar ligean, is féidir leis a mhaoin a úsáid ar an gcaoi seo ar feadh líon neamhtheoranta oíche sa bhliain. Mar fhoráil aon uaire, caithfidh an tUasal A Foirm 15 a líonadh (féach na foirmeacha in Aguisín 3) chun fógra a thabhairt don údarás pleanála áitiúil go bhfuil sé i gceist aige seomraí a ligean ar cíos ina phríomháit chónaithe phríobháideach. Ós rud é go bhfanann an tUasal A sa mhaoin agus na seomraí ar ligean, níl aon cheanglais fógartha leanúnacha.

Oibríonn an tUasal B thar lear 70 oíche gach samhradh. Ligean sé a árasán (príomháit chónaithe phríobháideach) ar cíos don tréimhse sin ar fad, ar feadh tréimhsí áirithinte nach faide ná 14 lá. Bíonn cónaí air sa mhaoin sin don chuid eile den bhliain féilire. Sa chás seo, tá 20 oíche dá liúntas ligin fágtha ag an Uasal B. Dá réir sin, is gá don Uasal B Foirm 15 (fógra bliantúil) agus Foirm 17 (fógra deireadh bliana) a chur ar ais chuig a údarás pleanála áitiúil gach bliain.

Caitheann an tUasal C tréimhsí éagsúla den bhliain as baile. In 2020, ligfidh sí a maoin ar cíos le lucht saoire ar 7 n-ócáid ar leith. Beidh an mhaoin ar cíos 13 oíche i mí Eanáir, 7 n-oíche i mí an Mhárta, 14 oíche i mí Aibreáin, 7 n-oíche i mí na Bealtaine, 28 n-oíche i mí an Mheithimh (comhdhéanta de 4 áirithint, seachtain an ceann), 21 oíche i mí Iúil (comhdhéanta de 3 áirithint, seachtain an ceann) agus áirithint amháin 30 oíche i mí Lúnasa (Iomlán: 120 oíche). Bíonn cónaí ar an Uasal C sa mhaoin don chuid eile den bhliain féilire. Ní ligean gearrthéarmach an áirithint 30 oíche i mí Lúnasa toisc gur fanacht níos faide ná 14 oíche atá i gceist. Úsáidfidh an tUasal C an liúntas 90 oíche ar fad atá ar fáil di le haghaidh ligean gearrthéarmach sa bhliain féilire sin. Mar thoradh, is gá don Uasal C Foirm 15 (fógra bliantúil), Foirm 16 (uasteorainn 90 lá sroichte) agus Foirm 17 (fógra deireadh bliana) a chur ar ais chuig a húdarás áitiúil gach bliain. Caithfidh an tUasal C Foirm 15 a chur ar ais tráth nach déanaí ná 4 seachtaine ó thús na bliana. Ós rud é go bhfuil sé i gceist ag an Uasal C a maoin a ligean i mí Eanáir 2020, d'fhéadfadh an tUasal C an fógra seo a thabhairt i mí Nollag 2019, le go dtabharfaí an fógra dhá sheachtain roimh an úsáid atá beartaithe. Caithfear Foirm

16 a chur ar ais laistigh de dhá sheachtain ón uair a shroichtear an uasteorainn 90 lá. Caithfear Foirm 17 a chur ar ais tráth nach déanaí ná 4 seachtaine i ndiaidh deireadh na bliana.

Oibríonn an tUasal D thar lear formhór na bliana. In 2020, ligfidh sí ar cíos a maoin ar ligean gearrthéarmach le taistealaí gnó ar feadh 42 oíche. Tá sé i gceist aici chomh maith tionónta fadtéarmach a aimsiú, a fhanfaidh ina maoin ar feadh trí mhí go leith. Ní gá don Uasal D cead pleanála a lorg toisc nach meastar gur ligean gearrthéarmach an tréimhse chónaithe 42 oíche ná an tréimhse trí mhí go leith, ós rud é gur tréimhse níos faide ná 14 oíche atá i gceist sa dá chás. Mar sin, sa chás seo níl feidhm ag na ceanglais fógartha.

**<u>6.2 Ligean gearrthéarmach a dteastaíonn cead pleanála uaidh</u>**

Caitheann an tUasal E leath na bliana ar saoire thar lear. In 2020, ligfidh an tUasal E a mhaoin ar cíos le lucht saoire le haghaidh tréimhsí nach faide ná 14 lá ag aon am amháin ar feadh, san iomlán, 21 oíche i mí an Mhárta, 21 oíche i mí Aibreáin, 28 n-oíche i mí na Bealtaine, 3 oíche i mí Iúil, 14 oíche i mí Lúnasa agus 35 oíche i mí Mheán Fómhair (Iomlán: 122 oíche). Bíonn cónaí ar an Uasal E sa mhaoin don chuid eile den bhliain féilire. Rachaidh an tUasal E 32 oíche thar a liúntas ligin ghearrthéarmaigh (90 oíche) agus mar sin beidh cead pleanála ag teastáil mar thoradh ar na 32 oíche bhreise sin thar an uasteorainn 90 lá. Tá feidhm ag na ceanglais fógartha suas go dtí an t-am a fhaightear cead pleanála.

Tá maoin ceannaithe ag an Uasal F ar mhaithe le hí a ligean ar cíos le turasóirí ar bhonn leanúnach. In 2020, ligfidh an tUasal F a maoin ar cíos ar ligean gearrthéarmach ar feadh 310 oíche san iomlán. Teastaíonn cead pleanála ón Uasal F toisc go bhfuil sí chun maoin a ligean ar ligean gearrthéarmach nach í a príomháit chónaithe phríobháideach í. Níl feidhm ag na ceanglais fógartha.

## 7. Treoir maidir le breithiúnas a thabhairt ar iarratais phleanála

Tá dhá chás ina d’fhéadfaí cead pleanála um athrú úsáide a lorg le haghaidh ligean gearrthéarmach i gcrios brú chíosa:

1. Úsáid maoine nach í príomháit chónaithe phríobháideach an duine í chun críocha ligin ghearrthéarmaigh (de ghnáth áit chónaithe thánaisteach nó maoin a ligtear ar bhonn tráchtála).
2. Príomháit chónaithe phríobháideach a úsáid le haghaidh ligean gearrthéarmach ar feadh tréimhse níos faide ná 90 lá in aon bhliain féilire amháin.

**7.1 Breithnithe Ginearálta**

Agus cinneadh á dhéanamh i leith aon iarratais phleanála, is gá d'údarás pleanála ceisteanna maidir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir a chur san áireamh, ag féachaint don mhéid seo a leanas -

- forálacha an phlean forbartha ábhartha,
- beartais agus treoirlínte ábhartha ón Aire nó ón Rialtas
- tuairimí na gcomhairlí reachtúla, agus
- tuairimí an phobail.

Ba chóir don údarás pleanála roinnt tosca a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh i leith na n-iarratas seo, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do:

- Mórbheartas Tithíochta an Rialtais maidir le maoine cónaithe a choinneáil nó a chur ar ais ar an margadh tithíochta fhadtéarmaigh
- An leas is éifeachtúla a bhaint as an stoc reatha tithíochta
- Cé acu an bhfuil maoin lonnaithe i limistéar a bhfuil boilsciú ard cíosa ann nó nach bhfuil
- An bhfuil soláthar leordhóthanach maoine cíosa ar fáil sa limistéar le haghaidh cíos fadtéarmach chun freastal ar an éileamh áitiúil
- Éileamh agus riachtanas tithíochta sa limistéar i gcoitinne, lena n-áirítear líon na ndaoine ar liosta tithíochta sóisialta an údaráis áitiúil – (tionóntachtaí Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) nó Scéime Cóiríochta Cíosa (RAS))
- Leathadh maoine ligin ghearrthéarmaigh sa limistéar a bhfuil cead pleanála acu agus mórthionchair charnacha na n-iarratas nua
- Ceisteanna maidir le taitneamhacht chónaithe, ar nós torainn nó clampar ag cur as do chomharsana
- Nádúr agus cineál na háite – baile/tuaithe/cónaitheach go príomha
- Maoine ligin ghearrthéarmaigh a chomhchruinniú i bhforbairtí árasáin

**7.2 Tosca féideartha eile ar chóir iad a chur san áireamh in imthosca eisceachtúla**

- Cothromaíocht a aimsiú idir na héilimh iomaíocha – cóiríocht chónaithe agus turasóireachta, lena n-áirítear limistéir atá gann ar chóiríocht thraidisiúnta turasóireachta.
- An fearr a oireann caighdeán nó cineál na cóiríochta cónaithe reatha (e.g. seanscéimeanna árasán, áiteanna tuaithe atá dírithe níos mó ar an turasóireacht (laistigh de chrios brú cíosa)) do ligean gearrthéarmach nó ar fógraíodh an mhaoin le haghaidh cíos fadtéarmach ag leibhéal réasúnta cíosa ar feadh tréimhse shuntasach gan tionónta a aimsiú, sa chaoi is gur fágadh folamh í (agus fianaise ag tacú leis sin).

Beidh an t-údarás pleanála freagrach as machnamh a dhéanamh ar an meáchan ba chóir a chur i bhfeidhm orthu seo agus ar nithe eile a d'fhéadfadh a bheith infheidhme ar bhonn cás ar chás.

## 8. Treoir maidir le nithe eile

**8.1 Iarratas ar chead pleanála nó ar chead coinneála**

Chun críocha na rialachán ligin ghearrthéarmaigh, is foirgneamh tráchtála é áitreabh a úsáidtear le haghaidh ligean gearrthéarmach. Dá réir sin, i gcás úsáid nua ligin ghearrthéarmaigh, ba chóir don duine cur isteach ar chead pleanála um athrú úsáide, ó úsáid chónaithe go húsáid ligin tráchtála ghearrthéarmaigh. I gcás úsáid ligin ghearrthéarmaigh reatha neamhúdaraithe, ba chóir cead coinneála a lorg.

**8.2 Táillí**

Leagtar amach na táillí a bhaineann le hiarratas ar chead pleanála i Sceideal 9 de na Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001, arna leasú. Foráiltear leo siúd gur €3.60 in aghaidh an mhéadair chearnaigh an costas a bheadh ar iarratas pleanála le haghaidh foirgneamh tráchtála – iarratas ar úsáid foirgnimh a athrú, mar shampla, ó úsáid chónaithe go úsáid tráchtála – faoi réir íostáille €80 in aghaidh an fhoirgnimh. I gcás cead coinneála, iarrtar táille €10.80 in aghaidh an mhéadair chearnaigh, faoi réir íostáille €240.

**8.3 Achomhairc**

Déantar iarratas ar chead um athrú úsáide le haghaidh ligean gearrthéarmach ar an gcaoi chéanna is a dhéantar iarratas ar bith eile ar chead pleanála chuig údarás áitiúil faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus feidhm ag an gceart achomhairc céanna chuig an mBord Pleanála.

**8.4 Cén uasteorainn atá i bhfeidhm in 2019?**

Ceadaítear an uasteorainn iomlán 90 lá le haghaidh ligean gearrthéarmach i bpríomháit chónaithe phríobháideach in 2019 agus ar bhonn bliain féilire ó Eanáir 2020 ar aghaidh.

**8.5 Foirmeacha**

Faightear sna Rialacháin na foirmeacha fógartha le haghaidh ligean gearrthéarmach agus iad ceangailte leis seo in Aguisín 3.

**(Áit chónaithe a roinnt)**

Bíonn feidhm ag an gceanglas fógartha i dtaobh áit chónaithe a roinnt maidir le duine atá i mbun ligean gearrthéarmach lena mbaineann alt 6(5)(a)(ii) de na Rialacháin i.e. seomra(í) (4 sheomra ar a mhéid) a ligean i dteach/árasán ar príomháit chónaithe phríobháideach í. Fógra aon uaire atá ann, dá bhforáiltear faoi alt 6(5)(b) de na Rialacháin.

- **Foirm 15 –** Más ann don úsáid roimh 1 Iúil 2019, ba chóir an fhoirm seo a chur ar ais laistigh de 4 seachtaine ó thosach feidhme na reachtaíochta an 1 Iúil 2019. Má thosaíonn an úsáid i ndiaidh an dáta seo, ba chóir an fhoirm seo a chur ar ais 2 sheachtain roimh an dáta a bheidh beartaithe le tosú ar an úsáid an bhliain sin.

**(Ligean gearrthéarmach)**

Bíonn feidhm ag an gceanglas fógartha seo maidir le duine atá i mbun ligean gearrthéarmach lena mbaineann alt 6(5)(a)(ii) de na Rialacháin i.e. príomháit chónaithe phríobháideach iomlán a ligean ar bhonn gearrthéarmach.

- **Foirm 15 (2019)-** In 2019, más úsáid reatha atá i gceist, ba chóir an fhoirm a chur ar ais laistigh de 4 seachtaine ó thosach feidhme na reachtaíochta an 1 Iúil 2019. Má thosaíonn an úsáid i ndiaidh an dáta seo, ba chóir an fhoirm seo a chur ar ais 2 sheachtain roimh an dáta a bheidh beartaithe le tosú ar an úsáid an bhliain sin.
- **Foirm 15 (2020 ar aghaidh) –** Fógra Bliantúil. Ba chóir go gcuirfí an fhoirm seo ar ais tráth nach déanaí ná 4 seachtaine ó thús gach bliain i gcás úsáid reatha, nó 2 sheachtain roimh chéadtráth na húsáide i gcás úsáidí nua.
- **Foirm 16-** Ní gá an fhoirm seo a chomhlíonadh ach amháin sa chás gur sroicheadh an uasteorainn 90 lá le linn na bliana. Ba chóir í a chur ar ais tráth nach déanaí ná 2 sheachtain i ndiaidh an teagmhais.
- **Foirm 17-** Fógra deireadh bliana. Ba chóir an fhoirm seo a chur ar ais tráth nach déanaí ná 4 seachtaine i ndiaidh deireadh gach bliain féilire.


## 9. Clár Fógraí

Is gá do gach údarás pleanála clár a choinneáil de gach fógra a fhaightear. Ní clár poiblí é seo, áfach. Is féidir leis an Roinn staitisticí tréimhsiúla a lorg i dtaobh na bhfógraí a fuarthas.

## 10.Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais maidir le rialáil ligin ghearrthéarmaigh ar fáil ar shuíomh na Roinne ag an nasc seo a leanas:
https://www.housing.gov.ie/planning/private-rented-housing/new-regulation-short-term-letting

**Aguisín 1 Grafaic Faisnéise maidir le Ligean Gearrthéarmach**



## Aguisín 2- Uimhreacha Teagmhála Údarás Áitiúil

Comhairle Contae Cheatharlach, Bóthar Átha Í, Ceatharlach. R93 E7R7. Fón: +353 (0)59 917 300. R-phost: secretar@carlowcoco.ie

Comhairle Contae an Chabháin, Teach na Cúirte, Sráid Fhearnáin, an Cabhán, H12 R6V2. Fón: 049-4378300. R-phost: eolas@cavancoco.ie

Comhairle Contae an Chláir, Áras Contae an Chláir, an Bóthar Nua, Inis, Co. An Chláir, V95 DXP2. Fón: (065) 6821616. R-phost: customerservices@clarecoco.ie

Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach, Sráid Anglesea, Corcaigh, T12 T997. Fón: +353 21 4924000.

Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire, T12 R2NC. Fón: (021) 4276891.

Comhairle Contae Dhún na nGall, Anne Marie Conlon, Oifigeach Cumarsáide, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall, F93 Y622. Fón: 074 91 53900. R-phost: amconlon@donegalcoco.ie

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F. Fón: (01)222 2222. R-phost: customerservices@dublincity.ie

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Halla Contae Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9. Fón: (+ 353) 01 2054700. R-phost: info@dlrcoco.ie

Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, Príomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2. Fón: (01) 890 5000. R-phost: customercareunit@fingal.ie

Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8. Fón: +353 91 536400. R-phost: customerservice@galwaycity.ie

Comhairle Contae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX. Fón: +353 (0)91 509000. R-phost: customerservices@galwaycoco.ie

Comhairle Contae Chiarraí, Áras an Chontae, Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí. Fón: 066 7183500. R-phost: info@kerrycoco.ie

Comhairle Contae Chill Dara, Ceannoifig, Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, an Nás, Co. Chill Dara. W91 X77F. Fón: (045) 980200. R-phost: customercare@kildarecoco.ie

Comhairle Contae Chill Chainnigh, Halla an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh, R95 A39T. Fón: +353 (0) 56 7794000. R-phost: info@kilkennycoco.ie

Comhairle Contae Laoise, Áras an Chontae, Ascaill Shéamais Fhionntain Uí Leathlobhair, Cúil Chip Rua, Portlaoise, R32 EHP9, Co. Laoise. Fón:(057) 86 64000.

Comhairle Contae Liatroma, Áras An Chontae, Ardán Sheoirse, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma. Fón: +353 (0)71 9620005/+353 (0)71 9621982. R-phost: customerservices@leitrimcoco.ie

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Ceanncheathrú Corparáideach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimneach, V94 EH90. Fón: +353 61 556000. R-phost: customerservices@limerick.ie

Comhairle Contae an Longfoirt, Sráid An Uisce Mhóir, an Longfort, N39 NH56. Fón: 043-3343300. R-phost: info@longfordcoco.ie

Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, A91 KFW6. Fón: 1890 202 303. R-phost: info@louthcoco.ie

Comhairle Contae Mhaigh Eo, Urlár na Talún, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, An Meal, Caisleán an Bharraigh. Fón: (094)904 72 04. R-phost: Planning@mayococo.ie

Comhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, an Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291. Fón: +353 (046) 9097000. R-phost: customerservice@meathcoco.ie

Comhairle Contae Mhuineacháin, Oifigí an Chontae, an Gleann, Muineachán, H18 YT50. Fón: 00353 47 30500. R-phost: info@monaghancoco.ie

Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Áras an Chontae, Bóthar Bhaile an Bhóthair, Tulach Mór, Uíbh Fhailí, R35 F893. Fón: (057) 9346800. R-phost: webmaster@offalycoco.ie

Comhairle Contae Ros Comáin, Áras an Chontae, Ros Comáin, Co. Ros Comáin, F42 VR98. Fón: 090 6637100. R-phost: info@roscommoncoco.ie

Comhairle Contae Shligigh, Halla an Chontae, Cois Abhann, Sligeach, Éire, F91 Y763. Fón: 071 9111 111. R-phost: info@sligococo.ie

Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 YNN5. Fón: +353 1 414 9000. R-phost: info@sdublincoco.ie

Comhairle Contae Thiobraid Árann, Oifigí na Cathrach, Cluain Meala, Oifigí na Cathrach, an tAonach, Co. Thiobraid Árann. Fón: +353(0)761 065000. R-phost: customerservices@tipperarycoco.ie

Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Oifig Cumarsáide, Urlár 2, Halla na Cathrach, an Meall, Port Láirge, X91 PK15. Fón: 0761 10 20 20. R-phost: contact@waterfordcouncil.ie

Comhairle Contae na hIarmhí, Áras An Chontae, Sráid Uí Shaothraigh, Muileann gCearr, N91 FH4N. Fón: 044-9332000. R-phost: customercare@westmeathcoco.ie

Comhairle Contae Loch Garman, Halla an Chontae, an Charraig Leathan, Loch Garman, Y35 WY93. Fón: 053 919 6000. R-phost: customerservice@wexfordcoco.ie

Comhairle Contae Chill Mhantáin, Áras an Chontae, na Geataí Bána, Baile Chill Mhantáin, A67 FW96. Fón: (0404) 20100. R-phost: corporate@wicklowcoco.ie

**Aguisín 3 – Foirmeacha**

**Foirm Uimh. 15** Alt 6(5)

FOIRM UM FHÓGRA TÚS BLIANA LE hAGHAIDH ÁIT CHÓNAITHE A ROINNT/LIGEAN GEARRTHÉARMACH FAOI ALT 6(5)(b) NÓ ALT 6(5)(f) DE NA RIALACHÁIN

| CUID A- SONRAÍ A THEASTAÍONN SAN FHÓGRA | |
|---|---|
| 1. SEOLADH AGUS ÉIRCHÓD NA MAOINE ÁBHARTHA: | |
| 2. AINM AN ÚDARÁIS PHLEANÁLA ÁBHARTHA: | |
| 3. AINM AN DUINE/NA nDAOINE ATÁ AG TABHAIRT AN FHÓGRA: | |
| 4. CÁIPÉISÍOCHT A DHEARBHAÍONN GUR PRÍOMHÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH AN MHAOIN: | |
| 5. SA CHÁS NACH ÚINÉIR DLÍTHIÚIL NA MAOINE THÚ, AR CHEANGAIL TÚ LEIS SEO TOILIÚ AN ÚINÉARA LEIS AN MAOIN A ÚSÁID LE hAGHAIDH LIGEAN GEARRTHÉARMACH | |
| 6. AN BHFUIL AN MHAOIN Á hÚSÁID LE hAGHAIDH:<br>(i) AÍT CHÓNAITHE A ROINNT (DÁ DTAGRAÍONN ALT 6(5)(a)(i)),<br>(ii) LIGEAN GEARRTHÉARMACH (DÁ DTAGRAÍONN ALT 6(5)(a)(ii)),<br>(iii) IAD ARAON | |
| (iv) DÁTA SA BHLIAIN AR A DTARLÓIDH CHÉADTRÁTH | |

| | | |
|---|---|---|
| | AN LIGIN GHEARRTHÉARMAIGH: | |
| (v) | LÍON IOMLÁN NA LAETHANTA SA BHLIAIN ATÁ BEARTAITHE LE hAGHAIDH LIGEAN GEARRTHÉARMACH: | |
| (vi) | TRÉIMHSÍ ATÁ BEARTAITHE SA BHLIAIN LE hAGHAIDH LIGEAN GEARRTHÉARMACH: | |

| CUID B – SONRAÍ TEAGMHÁLA (AN DUINE ATÁ AG TABHAIRT AN FHÓGRA) | |
|---|---|
| AINM: | |
| SEOLADH & ÉIRCHÓD: | |
| UIMHIR THEILEAFÓIN &/NÓ UIMHIR MHÓIBÍLEACH: | |
| SEOLADH RÍOMHPHOIST: | |

| CUID C- SONRAÍ TEAGMHÁLA (ÚINÉIR DLÍTHIÚIL)* | |
|---|---|
| AINM: | |
| SEOLADH & ÉIRCHÓD: | |
| UIMHIR THEILEAFÓIN &/NÓ UIMHIR MHÓIBÍLEACH: | |
| SEOLADH RÍOMHPHOIST: | |

*Líon isteach Cuid C sa chás nach úinéir dlíthiúil na maoine an duine atá ag tabhairt an fhógra

Dearbhaím _______________ leis seo gurb í an mhaoin luaite ag (1) thuas mo phríomháit chónaithe phríobháideach agus gur cruinn agus gur fíor gach eolas a thugtar san fhoirm seo.

Sínithe …………………………..

Dáta an Fhógra ……………….

**Foirm Uimh. 16** Alt 6(5)

FOIRM UM FHÓGRA MAIDIR LE LIGEAN GEARRTHÉARMACH FAOI ALT 6(5)(g)(i) DE NA RIALACHÁIN I GCÁS GO SÁRAÍTEAR AN UASTEORAINN 90 LÁ*

*Tá an fhoirm seo le líonadh ag daoine a ligean a bpríomháit chónaithe phríobháideach, le linn dóibh a bheith as láthair ón maoin go sealadach, ar feadh tréimhse charnach 90 lá.

| CUID A – FÓGRA 90 LÁ MAIDIR LE LIGEAN GEARRTHÉARMACH LENA MBAINEANN ALT 6(5)(a)(ii) | |
|---|---|
| 1. SEOLADH AGUS ÉIRCHÓD NA MAOINE ÁBHARTHA: | |
| 2. DÁTA AR A SROICHEADH AN UASTEORAINN 90 LÁ LE hAGHAIDH LIGEAN GEARRTHÉARMACH: | |
| 3. TRÉIMHSÍ INAR BAINEADH LEAS AS AN MAOIN LE hAGHAIDH LIGEAN GEARRTHÉARMACH: | |

| CUID B – SONRAÍ TEAGMHÁLA | |
|---|---|
| AINM: | |
| SEOLADH & ÉIRCHÓD: | |
| UIMHIR THEILEAFÓIN &/NÓ UIMHIR MHÓIBÍLEACH: | |
| SEOLADH RÍOMHPHOIST: | |

Dearbhaím _______________ leis seo gurb í an mhaoin luaite ag (1) thuas mo phríomháit chónaithe phríobháideach agus gur cruinn agus gur fíor gach eolas a thugtar san fhoirm seo.

Sínithe …………………………..

Dáta an Fhógra ……………….

**Foirm Uimh. 17** Alt 6(5)

FÓGRA DEIREADH BLIANA MAIDIR LE LIGEAN GEARRTHÉARMACH FAOI ALT 6(5)(g)(ii) DE NA RIALACHÁIN*

*Tá an fhoirm seo le líonadh ag aon duine a ndearna a bpríomháit chónaithe phríobháideach a ligean chun críocha ligin ghearrthéarmaigh le linn na bliana féilire

| CUID A – FÓGRA DEIREADH BLIANA MAIDIR LE LIGEAN GEARRTHÉARMACH LENA MBAINEANN ALT 6(5)(a)(ii) | |
|---|---|
| 1. SEOLADH AGUS ÉIRCHÓD NA MAOINE ÁBHARTHA: | |
| 2. LÍON IOMLÁN NA LAETHANTA LE LINN NA BLIANA AR AR THARLA LIGEAN GEARRTHÉARMACH: | |
| 3. TRÉIMHSÍ LE LINN NA BLIANA AR AR THARLA LIGEAN GEARRTHÉARMACH: | |

| CUID B- SONRAÍ TEAGMHÁLA | |
|---|---|
| AINM: | |
| SEOLADH & ÉIRCHÓD: | |
| UIMHIR THEILEAFÓIN &/NÓ UIMHIR MHÓIBÍLEACH: | |
| SEOLADH RÍOMHPHOIST: | |

Dearbhaím _______________ leis seo gurb í an mhaoin luaite ag (1) thuas mo phríomháit chónaithe phríobháideach agus gur cruinn agus gur fíor gach eolas a thugtar san fhoirm seo.

Sínithe …………………………..

Dáta an Fhógra ……………….

